A Phríomhoide, a chara,

Tá sé mar chuspóir ag an ríomhphost seo eolas a thabhairt duit maidir leis na socruithe chun torthaí Scrúdú na Sraithe Sóisearaí 2023 a eisiúint. I dtosach báire, is mian liom buíochas CSS a chur in iúl as an gcabhair go léir a thug tú inár bhfeachtas earcaíochta do scrúduithe 2023. De bharr do chuid tacaíochta, is féidir na torthaí seo a sholáthar 5 seachtaine níos luaithe ná in 2022.

Mar is eol duit, rinneamar ár bhFeachtas Earcaíochta do scrúduithe 2023 a athsheoladh roimh shaoire na Cásca chun béim a chur an athuair ar na buntáistí pearsanta agus gairmiúla a bhaineann le bheith i do scrúdaitheoir le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Tá ár suíomh gréasáin nua don fhoireann ar conradh https://secexaminer.ie mar bhunchloch dár bhFeachtas Earcaíochta do 2023. Tabharfaidh an t-eolas agus na hacmhainní atá ar fáil ar an suíomh deis do mhúinteoirí teacht ar eolas maidir le bheith ag obair mar scrúdaitheoir - lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaidís a thuilleamh; conas a fheidhmíonn an córas marcála ar líne; chomh maith leis an mbealach ar féidir leis an eispéireas cur lena scileanna múinteoireachta agus a ndeiseanna gairme a chur chun cinn. Tugann an áis nua dhigiteach seo deis do scrúdaitheoirí féideartha nua léiriú suime maidir le bheith ina scrúdaitheoirí don bhliain seo a chur isteach agus iarratas a dhéanamh ar an ról.

Bainfimid feidhm as an suíomh gréasáin sin arís dár bhfeachtas earcaíochta don fhoireann ar conradh le haghaidh scrúduithe 2024. Cuirfear tús leis an bhfeachtas sin sna seachtainí seo amach romhainn, do na hábhair phraiticiúla i dtús báire.

Torthaí na Sraithe Sóisearaí

Is féidir le CSS a dheimhniú go mbeidh torthaí na Sraithe Sóisearaí ar fáil i scoileanna ar an gCéadaoin an 18 Deireadh Fómhair 2023. Féadfaidh iarrthóirí na Sraithe Sóisearaí rochtain a fháil ar a gcuid torthaí ar líne freisin ó 4 PM ar an dáta sin. Mar sin féin, níl sé i gceist go dtiocfadh an tseirbhís ar líne sin in ionad na seirbhíse torthaí agus na comhairle luachmhaire a chuireann scoileanna ar fáil ag am eisithe na dtorthaí.

In 2023, mar thoradh ar fheabhas an-mhór a bheith tagtha ar an gcás maidir le soláthar scrúdaitheoirí chomh maith le marcáil ar líne a bheith in úsáid do na hábhair go léir nach mór sa tSraith Shóisearach, is féidir na torthaí seo a sholáthar cúig seachtaine níos luaithe ná an bhliain seo caite. Bhí sé sin indéanta mar gheall ar fhreagairt dhearfach múinteoirí d'iarrachtaí earcaíochta CSS i mbliana. Tá CSS thar a bheith buíoch de na múinteoirí sin a rinne an mharcáil dúinn i mbliana agus go deimhin díobh siúd go léir a thug faoi róil éagsúla sna scrúduithe teastais le linn scoilbhliain 2022/23. Is mór againn freisin an obair a rinne ceannairí scoile chun tacú le hiarrachtaí CSS maidir le haird a gcuid foirne a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le dul i mbun oibre le CSS agus an obair a rinne lucht bainistíochta na scoileanna agus comhlachtaí ionadaíochta na ceannaireachta agus ceardchumainn na múinteoirí. Bhí tionchar suntasach freisin ag an maoiniú breise a fuair CSS in 2023 chun spreagadh a thabhairt do mhúinteoirí tabhairt faoin obair fhíorthábhachtach seo agus táimid buíoch den Aire agus dá Roinn as sin.

Rochtain a fháil ar na Torthaí

Eiseoidh CSS ciorclán níos mionsonraithe faoi thorthaí Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí in am trátha. Ón mbliain seo ar aghaidh, socróidh CSS go ndéanfar torthaí na Sraithe Sóisearaí a sholáthar do scoileanna trí Thairseach na Scoileanna i bhformáid leictreonach. Ar maidin Dé Céadaoin an 18 Deireadh Fómhair (an t-am beacht le deimhniú) déanfar Tairseach na Scoileanna a nuashonrú le torthaí do scoile i bhformáid leictreonach mar seo a leanas;

• Comhad digiteach de na PDFanna go léir de na Ráitis ar Thorthaí Sealadacha do na hiarrthóirí go léir sa scoil. Iarrtar ort socrú a dhéanamh chun na ráitis sin a chur i gcló d'iarrthóirí ar lá na dtorthaí - Dé Céadaoin an 18 Deireadh Fómhair 2023.

• Tuairisc mhaitríse inphriontáilte ina bhfuil sonraí maidir leis na torthaí scrúdaithe do gach iarrthóir i bhformáid PDF.

• An tuairisc mhaitríse i bhformáid CSV a gcuirtear in iúl dúinn gur féidir í a iompórtáil chuig córais bainistíochta ábhair na scoile i gcomhair anailíse.

• Foirmeacha Tuairisce Forlíontacha nó tuairisc um Thoradh Nialasach de réir mar is cuí.

Ina theannta sin, féadfaidh iarrthóirí na Sraithe Sóisearaí rochtain a fháil ar a gcuid torthaí trí www.examinations.ie ó 4 pm ar an gCéadaoin an 18 Deireadh Fómhair 2023. Is gá scrúduimhir a úsáid chun rochtain a fháil ar an tseirbhís chomh maith le hUimhir Aitheantais Phearsanta uathúil an iarrthóra a eiseofar chuig scoileanna roimh ré. Mar sin féin, níl sé i gceist go dtiocfadh an tseirbhís ar líne sin don tSraith Shóisearach in ionad na seirbhíse torthaí agus na comhairle luachmhaire a chuireann scoileanna ar fáil ag am eisithe na dtorthaí.

Torthaí na nAchomharc don Ardteistiméireacht

Mar eolas, is féidir liom a chur in iúl freisin go mbeidh torthaí na nAchomharc don Ardteistiméireacht in 2023 ar fáil d'Iarrthóirí tríd an Tairseach Féinfhreastail d'Iarrthóirí ar www.examinations.ie ó 11 AM ar an Aoine an 29 Meán Fómhair 2023.

Táim an-bhuíoch díot as aird na n-iarrthóirí, na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, na múinteoirí agus daoine eile de réir mar is cuí, a tharraingt ar an eolas faoi na socruithe seo.

Is mise, le meas

Richard Dolan

Stiúrthóir na nOibríochtaí

Coimisiún na Scrúduithe Stáit